

Oide agus File: Gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim i sampláil ionadaíoch de nua-fhilíocht le múinteoirí scoile, 1930-2010

≡ MARIE WHELTON ≡

Achoimre/Abstract

Sa pháipéar seo, trí úsáid a bhaint as bunanailís théacsúil, scrúdófar sampláil ionadaíoch de dhánta ón tréimhse 1930-2010. Téann na dánta go léir i ngleic le téama an teagaisc agus na foghlama, agus, is dánta iad le filí Gaeilge a bhí ina múinteoirí bunscoile, nó ina múinteoirí meánscoile, ar feadh tréimhse, nó ar feadh a saoil ghairmiúil ar fad.

In this paper, a representative sampling of poems from the period 1930-2010 will be examined using basic textual analysis. The poems deal with the theme of teaching and learning, and, all of the poems were authored by Irish-Language poets who were primary, or secondary, teachers for all, or part, of their professional lives.

Eochairfhocail: an múinteoir mar scríbhneoir cruthaitheach, téama an oideachais san fhilíocht, insintí liteartha ar oideachas

Réamhrá

Tá fiúntas na filíochta Gaeilge mar fhoinsé d'insintí ar chúrsaí oideachais léirithe ag Caoimhe Máirtín i staidéar ceannródaíoch ar an scoil agus an scolaíocht i litríocht na Gaeilge. Ina staidéar, bailíonn Máirtín an t-iliomad foinsí neamhfhoirmiúla agus liteartha le chéile a bhfuil tábhacht ag baint leo do thaighdeoirí oideachais (Máirtín, 2003). Díríonn a taighde ar fhoinsí a bhaineann go háirithe leis na blianta idir 1800 agus 1930. Maidir leis an tréimhse ó 1930 ar aghaidh, tá dhá staidéar bheaga déanta ar théama an oideachais san fhilíocht. Sa chéad áit, tá alt Tom Mullins a dhíríonn ar an litríocht Angla-Éireannach (Mullins, 1996) agus, sa dara háit, tá aiste réamhráiteach le Máirín Nic Eoin ina bpléann sí le téama an oideachais mar chuid dá plé ar théamaí óige agus caidrimh teaghlaigh (Nic Eoin, 2010). Is beag aird scolártha atá faighte, áfach, ag an bhfilíocht a scríobhann údair a chleachtann gairm na múinteoireachta iad féin. Ar an ábhar sin, seachas díriú ar fhilíocht le filí iomráiteacha, déanfar bunanailís théacsúil sa pháipéar seo ar shampláil ionadaíoch de dhánta, ón tréimhse dhéanach sin, ar théama an teagaisc agus na foghlama le filí Gaeilge a bhí ina múinteoirí bunscoile, nó ina múinteoirí meánscoile, ar feadh tréimhse, nó ar feadh a saoil ghairmiúil ar fad. Is léir, dá bhrí sin, nach ar son a gcáilíochtaí liteartha a roghnaíodh na dánta a phléifear

✉ Email: author@into.ie

ISSN: 2009-6860 (Print) 2009-6879 (Online)
© 2016 Irish National Teachers' Organisation
www.into.ie

thíos, ach ar son a bhfiúntais do Léann an Oideachais. Nuair a chuir mé romham struchtúr a chur ar an bpáipéar, ba léir go bhféadfaí na dánta a rangú de réir thrí ghné uilíocha de théama an oideachais. Sa chéad roinn is é aoibhneas agus taitneamh an teagaisc agus na foghlama is mó a thagann chun cinn. Sa dara roinn, is iad na dúshláin a bhíonn le sárú ag múinteoirí agus ag foghlaimeoirí atá á bplé agus sa tríú roinn, tá sraith de dhánta a dhéanann ceiliúradh ar oidí agus ar oideachasóirí ar leith. Bheadh sé spéisiúil an léargas thíos a shuíomh i gcomhthéacs an traidisiúin fhileata ina iomláine ach ceal spáis, is ábhar ann féin é sin a scrúdóidh an t-údar in alt eile amach anseo.

Aoibhneas an teagaisc agus na foghlama

Tá go leor dánta ag na hoidí-fhilí ina bpléitear le haoibhneas an teagaisc agus na foghlama. Cuid acu tá siad ró-urramach agus ró-mhaoithneach. Sa chuid seo pléifear le cúig dhán le ceathrar filí éagsúla a thabharfaidh blaiseadh den ghné sin den fhilíocht.

Machnamh ar uaisleacht, aoibhneas agus uaigneas cheird an oide is ea ‘An tOide’ (Ó hAodha, 1966, lch 14), le Séamas Ó hAodha¹. Dán dea-dhéanta struchtúrtha is ea é agus osclaíonn gach véarsa le ráiteas a dhearbhaíonn gach ceann de na tréithe sin faoi seach (‘Uasal ceird an oide... Aoibhinn ceird an oide... Uaigneach ceird an oide’), ansin, leantar gach ráiteas le samhail éagsúil. Sa chéad cheann déantar comparáid idir oide agus rí a chuireann a chuid bád san fharrage agus a sheolann iad ó fhothain na bá amach go dtí an t-aigéan mór. Is féidir leis an rí a chuid soitheach a fheiceáil agus a thionlacan ar feadh tamaillín ach ansin bíonn air fanacht ar an mórthír ina ndiaidh. Íomhá mheánaoiseach go leor is ea íomhá an rí, ach is íomhá chumasach í sa mhéid go léiríonn sé go samhlaítear ginealach ríoga leis an oide agus stádas uasal dá réir. Tugann an t-oide ceannasaíocht dheoranta, agus cé go mbíonn gaol aige leis na páistí, tá sé scoite amach uathu. Is íomhá álainn é an loingeas bád, freisin, do na páistí atá ar snámh i mbá na scoile agus a sheolann i bhfochair a chéile, ach fós go neamhspleách, i dtreo an domhain mhóir. Ar deireadh thiar bíonn orthu a mbealach féin a dhéanamh trí dhoineann agus trí shoineann na farraige (‘Mar rí ar imeall trá/Chuir ar toinn na soithigh/‘Sheol go hoscailt bá.’). Tá an dara samhail níos créúla agus an uair seo, samhlaítear ról níos gníomhaí ag an oide. Deirtear go bhfuil an t-oide cosúil le garraíodóir i lár an tsamhraidh a aistríonn a chuid bláthanna ó theas an ghrianáin go dtí an chré chrua agus an aeráid nádúrtha. Músclaíonn an chosúlacht sin íomhá de gharraíodóir a bhaineann taitneamh as aire mhaith a thabhairt do gach planda. Ardaíonn sé a chroí a bheith á n-uisciú agus á dtabhairt ar aghaidh lá i ndiaidh lae, go dtí go mbíonn na bláthanna sciámhacha réidh agus aibí go leor don saol lasmuigh. Tríd an gcomparáid seo léirítear imshaol na scoile mar ghrianán ina bhfásann agus ina mbláthaíonn an páiste faoi chaoinchúram an oide. Ullmhaítear na páistí sa ghrianán don saol os a gcomhair amach agus tugann sé aoibhneas don oide iad a fheiceáil ag teacht in inmhe (‘Mar gharnóir lá Iúil/D’aistrigh sciámh na scoithe/Ó ghrianán go húr.’). Is féidir go bhfuil an iomarca den mhaoithneachas sa tsamhail dheireanach ina ndéantar comparáid idir an t-oide agus máthair atá fágtha ina haonar tar éis imeacht a clainne ó thairseach theach an teaghlaigh (‘Mar mháithrín léi féin/tar éis imeacht a clainne...’). Is cinnte, áfach, go léiríonn an tsamhail sin go mbíonn ról ag an oide mar threoraí aireach agus mar chúramaí grámhar i saol an pháiste. Bíonn an t-oide cosúil le

tuismitheoir a thugann beatha don pháiste, a chothaíonn agus a oileann é/í agus a mhóthaíonn cumha nuair a fhásann an páiste agus nuair a fhágann sé/sí an scoil. Ar an iomlán is íomhá dhearfach den oide agus de ghairm an oide a chruthaíonn an dán seo ach ní shéantar, san am céanna, na dúshláin mhothálacha a bhíonn le sárú ag múinteoirí de bharr thimthriall na scoilbhliana, imeacht an ama agus fhás an pháiste.

Íomhá dhearfach de shaol an oide a eascraíonn, freisin, as an dán 'Eibhlín' (Dáibhís, 1989, lch 21) le Bríd Dáibhís². Cailín beag amháin is ábhar den dán agus tar éis di a hainm a lua, déanann an file cur síos ar charachtar an pháiste le ceithre aidiacht éagsúla. Gabhann na haidiachtaí íomhá de pháiste atá lán d'fhuinneamh spontáineach. Tá sí cosúil le féileacán álainn éadrom a eitlíonn ó bhláth go bláth agus í lán de spraoi agus de mheidhir na hóige ('Eibhlín/Treilleseánach,/Féileacánach,/Meidhreach, guagach.'). Sa dara rann léiríonn an file tuiscint ar bhríomhaireacht agus ar fhiosracht nádúrtha an chailín. Tá beogacht spleodrach sna briathra a roghnaíonn an file ('Bonsaíonn...Preabann...brúnn') chun gníomhartha an chailín sa seomra ranga a léiriú. Leanann sí an chailc a thiteann ar an urlár agus tugann sí faoina cuid suimeanna le fonn. Bíonn a cuid fiacla á mbrú aici ar a beola le bís chun foghlama ('Bonsaíonn thar an urlár/Le titim na cailce./Preabann a súile in airde/In amhras di/Faoi 6+9,/Agus brúnn a cár/Ar a beol/Le sceitimíní.'). Ligeann an file don chailín labhairt léi agus éistean an múinteoir lena cuid scéalta. Insíonn an cailín di faoi na tascanna beaga a dhéanann sí sa bhaile dá máthair ('Deir sí liom/ Go gcruinníonn sí/...Na huibhe glana bána'). Is léir go dtuigeann an múinteoir gur saibhre an fhoghlaim nuair a fhéachtar ar shaol an teaghligh agus ar shaol na scoile mar chontanam foghlama, agus nuair atá leanúnachas agus dlúth-chomhoibriú idir an baile agus an scoil. Trí éisteacht lena cuid cainte, tugann an múinteoir cead don pháiste a gar-imshaol agus a heispéireas baile a thabhairt isteach sa seomra ranga. Ach ní hí tuiscint an mhúinteora amháin atá múscailte ag an gcaoilín óg. Cé go bhfuil an múinteoir ag iarraidh a bheith stuama agus socair os comhair ranga, meallann an cailín í lena súile gliondracha agus 'cnagann' sí ar 'bhlaosc' thanaí na stuaimhe sin. Ba bhreá leis an múinteoir ciseán lán an chailín a fheiceáil di féin, ba bhreá léi lúcháir shaol an pháiste a bhlaiseadh. Is léir ón dán go dtéann eispéireas an chailín i bhfeidhm go mór ar a múinteoir agus nach próiseas foghlama aon-treo (múinteoir-páiste) atá ar siúl, ach go bhfuil samhlaíocht an mhúinteora á hadhaint ag an bpáiste, leis ('Nár mhéanar dom/A feiscint/I mbun ciseáin/Is plaosc mo stuaimhe/Á cnagadh aici siúd/Le súileoga an tsonais.').

Mar is dual d'fhilíocht Bhríd Dháibhís trí chéile, tá snáth reiligiúnach ag sníomh tríd an dán 'Ealaín na bPáistí' (Dáibhís, 1999, lch 49) leis. Is apastróf phaidriúil é an dán ina labhraíonn múinteoir le Dia ag deireadh lá fliuch scoile. Insíonn an múinteoir dá héisteoir diaga gur séimhe fuaim na báistí dá cluasa ná an gleo a bhí á dhéanamh ag na páistí agus iad i ngéibheann ag an aimsir sa scoil. I gcodarsnacht le hidéalachas an dáin atá díreach pléite, tá macántacht réalaíocht i gcaint an mhúinteora sa dán seo. Ligeann sí osna uailbhreasach fhaoisimh aisti ag deireadh an chéad véarsa, a léiríonn go bhfáiltíonn sí go mór roimh an gciúnas ag deireadh an lae ('Is ciúine go mór do mo chluasa/Clagarnach na bpáistí ar an díon/Is ar an gclós amuigh/Ná rúille búille an lae/Agus na daltaí istigh,/Óró, a Dhia, an suaimhneas!'). Is léir ón dara agus ón tríú rann, áfach, nach bhfuil a lá oibre críochnaithe go fóill don mhúinteoir, agus, cé go bhfuil sos á fháil aici ó fhothram na bpáistí, go n-úsáideann sí a cuid saor-ama chun féachaint ar iarrachtaí cruthaitheacha an ranga. I dtearmann an

chiúnais, féachann sí go haireach, agus go tuisceanach, ar an ealaín agus díorthaíonn sí léargas ar a bpearsantachtaí agus ar a gcroíthe uaithi ('Anois, tig liom gleoiteacht a gcroíthe/Do thuiscint gan dithneas'). Is rílér ón tagairt sin do chroíthe na bpáistí go dtugann sí spás ina seomra ranga don eispéireas aeistéitiúil agus go bhfeiceann sí a thábhacht i bhforbairt shamhlaíoch agus mhothálach an pháiste. Sa chomparáid a dhéanann sí idir na páistí agus an diabhal/na haingil ('Is déantar eítí de na hadharca'), léiríonn sí tuiscint mhacánta arís, ar chastacht ilchineálach iompar an pháiste, ach dearbhaíonn sí, san am céanna, a maitheas bhunúsach eisintiúil. Is iad dea-thréithe na bpáistí is mó a thagann chun suntais san ealaín di agus sáraíonn na dea-thréithe sin na dúshláin a thug siad di i rith an lae. Glacann sí am chun féachaint ar na hiarrachtaí agus baineann sí pléisiúr agus taitneamh as an léargas gleoite a nochtann na píosaí ealaíne di. Tá urraim á léiriú aici ar thorthaí an lae ('Agus ligim le racht mo mheasa'). Ag an deireadh casann sí go comhráiteach i dtreo Dé chun an gliondar a mhúsclaíonn na páistí inti a roinnt leis. Sna línte deireanacha, is léir go bhféachann an múinteoir ar na páistí mar chuid d'ealaín aoibhinn Dé agus cé nach bhfuil buíochas luaite, tugann sí aitheantas domhain do Dhia mar chruthaitheoir an aoibhnis chéanna ('Roinnim leat mo lúcháir/De bharr an aoibhnis/A chruthaigh tú tríothu').

An bhreisfhoghlaim a dhéanann daltaí meánscoile agus iad ar thuras scoile i gcéin san Iodáil atá mar théama sa dán fada prósuil 'Ar Cuairt in Assisi' (Ó Cearbhaill, 1998, lgh 72-75) le Seán E. Ó Cearbhaill³. In alt faoi fhilíocht Uí Chearbhaill luann Liam Prút gur filíocht 'ghrá, taistil agus chreidimh' (Prút, 1996, lch 303 agus Prút, 2005, lgh ix-xxviii) í a chuid filíochta agus is cinnte go dtagann an cuardach ar ghrá Dé, an grá don duine daonna agus áilleacht na hIodáile chun solais sa dán seo. Peannphictiúr is ea é ina dtugann an file tuairisc ar chuairt ar áit bheannaithe. Tá an tuairisc cosúil leis na tuairiscí a chuirtear ar chártaí poist nó i ndialann saoire. Is léir ón rann deireanach go bhfuil an áit, agus Naomh Proinsias féin, tar éis dul i bhfeidhm ar dhaltaí scoile Choláiste Eoin agus Choláiste Íosagáin ('Assisi/i ndeireadh lae:/mar a bhí/mar a bheas.../is cailíní agus buachaillí as Éirinn/faoi dhraíocht/don chéad uair riamh.../ag a naofacht...'). Tá luachanna séimhe an Naoimh le cloisteáil, fiú sa tslí a labhraíonn siad lena chéile 'go bog-ghlórach...os íseal'. Eispéireas saibhir foghlama atá curtha ar fáil do na déagóirí. Is eispéireas é a dhaingníonn na naisc stairiúla idir Éire agus cultúr na hEorpa, ach is eispéireas coincreíteach spioradálta é, freisin. Faigheann na déagóirí blaiseadh de thraidisiún cráifeach amháin, de luachanna an traidisiúin sin agus de dhea-shampla simplí bhunaitheoir an traidisiúin chéanna. Éascaitheoir is ea an múinteoir, agus an scoil, a chuireann an deis ar fáil agus a dhéanann na déagóirí a thionlacan ar a n-oilithreach, ach is iad na daltaí a chuardaíonn, agus is í an áit agus scéal an Naoimh a mhúineann an chríonnacht.

Tagann foghlaim na Gaeilge chun cinn uaireanta mar théama i bhfilíocht na n-oidí. Sampla amháin is ea an dán 'Mar a Bheidh' (Prút, 1994, lch 42), le Liam Prút⁴, atá scríofa san aimsir fháistineach ar fad. Tugann an dán guth don mhian atá ag an gcainteoir a bheith ina chainteoir dúchais a tógadh le Gaeilge ón gliabhán. Samhlaíonn sé an chéad saol eile agus deir sé go dtiocfaidh sé ar an saol, an uair sin, i gceartlár shaol na Gaeltachta. Beidh bríomhaireacht na canúna áitiúla aige agus is é léamh an Bhéarla an t-aon Bhéarla a bheidh aige. Freastalóidh sé ar an bpobalscoil áitiúil, áit a bhfoghlaimeoidh sé ábhair phraiticiúla, ceirdeanna an cheantair agus an Béarla labhartha. Ó thaobh fhealsúnacht an oideachais de,

is léir go gcuireann an dán sin leis an argóint gur treise an dúchas ná an oiliúint. Cé gur féidir leis an duine a tógadh le Béarla an Ghaeilge a fhoghlaim, creideann an t-urlabhraí nach sáraíonn foghlaim na leabhar an fhoghlaim a tharlaíonn sa teaghlach agus sa phobal áitiúil agus santaíonn sé an nádúrthacht, an éascaíocht agus an fhéiniúlacht a thagann le Gaeilge a bheith agat ó dhúchas.

Dúshlám don teagasc agus don fhoghlaim

Sé dhán a phléifear sa chuid seo den pháipéar. Tabharfar faoi deara nach bhfuil na dánta sa chuid seo chomh maoithneach agus go dtéann siad i ngleic leis na fadhbanna agus na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag múinteoirí scoile.

Ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ag múinteoirí i gCórás Oideachais na hÉireann sa mhílaois nua ná dúshlán an ilchultúrachais sa seomra ranga. Baineann sé le dlúth agus le hinneach Churaclam na Bunscoile go ndéanann múinteoirí gach iarracht idirdhealú ionas go bhfaigheann páistí ó chultúir éagsúla na deiseanna céanna foghlama agus ionas go ndéantar an éagsúlacht eitneach, an éagsúlacht theangúil agus an éagsúlacht chultúrtha a urramú agus a cheiliúradh. Le níos mó ná céad bliain anuas, áfach, tá múinteoirí ó Éirinn agus go háirithe baill de na hoird reiligiúnacha idir mhisinéirí agus oibríthe cabhracha, tar éis tréimhsí a chaitheamh ag múineadh i gcultúir atá iomlán difriúil ó chultúr na hÉireann. Is é an Bráthair Críostaí, Liam Ó hÁinle⁵, thar aon fhile eile a thugann guth don 'ding thraschultúrtha' (Prút, 2006, lch 59) sin ina chuid filíochta. Sa dán 'Teannas Teanga' (Ó hÁinle, 1999, lch 80), mar shampla, tugtar léargas ar eispéireas an mhúinteora a chaitheann tréimhse ag múineadh san Afraic. Is é an múinteoir, seachas an páiste, a bhaineann leis an gcultúr iasachta agus is iad na dúshláin teanga a bhíonn le sárú aige ina sheomra ranga atá á bplé. Déanann sé comparáid idir an t-eispéireas a bhíonn aige agus an t-eispéireas a bhíonn ag an duine a dhéanann iarracht abhainn a thrasnú 'ar chlocha cora'. Léiríonn an meafar sin go mbaineann teannas drámata le foghlaim agus le hionramháil teanga nua os comhair páistí – is beag bá agus comhthuiscint a léiríonn siad dó mar fhoghlaiméoir. Agus é ag iarraidh é féin a chur in iúl i dteanga dhúchais na bpáistí, bíonn sé 'ag faire de shíor' ar na focail a úsáideann sé agus tuigeann sé gur féidir titim 'go tobann in uiscí na scige' de bharr dhéfhíús fuaime agus mhíthuiscintí brí.

Sa dán 'Coilínachas' (Ó hÁinle, 1996, lch 65), téann an file céanna, Liam Ó hÁinle, i ngleic le dúshlán an domhandaithe (globalisation) agus leis an tionchar a bhíonn ag luachanna an Iarthair ar fhéiniúlacht an pháiste san Afraic. Labhraíonn an file go díreach le buachaill óg. Trí thagairt a dhéanamh do ghruaig an bhuachalla ('A gharsúirín cheannchataigh') cuireann sé béim ar eitneacht Afracach an pháiste, agus, trí iarraidh air a chóipleabhar a thógáil amach as a 'mháilín plaisteach' tarraingíonn sé aird ar nósanna ar leith na tíre – ní tiachóg ná mála scoile atá ag an bpáiste ach mála neamhshofaisticiúil feidhmiúil. In ainneoin chomharthaí féiniúlachta na hAfraice a bheith le feiceáil sa seomra ranga, is pictiúr de theach mór, ar stíl iasachta, atá tarraingthe i gcóipleabhar an pháiste agus músclaíonn sé sin alltacht sa mhúinteoir ('Cén diabhal duine a línigh duit/an teach mór iasachta ceannsinne/nach bhfaca do shúile a shamhailsin cheana?'). Iarrann sé ar an bpáiste teacht chuige - cuireann sé béim ar an bhféiniúlacht, arís, trí ainm Afracach an pháiste a lua

ina iomláine ('Tabo Kaingu') – agus molann sé dó a bheith dílis dá thaithí féin agus 'Likambi' (teach beag dúchasach de chuid na Saimbia) a líonadh ina chóipleabhar. Ag deireadh an dán tá cúig líne ina ndéanann an file ceiliúradh ar an teach dúchasach. Labhraíonn sé, i bhfoirm apastróife, leis an Likambi agus tugann sé stádas suaitheantais dó ('a fhíor-dheilbh de Nua-Saimbia'). Nochtann sé go bhfuil cion mór aige féin ar an gcineál tí ('is geal lem chroí do mhór-mheangadh...'), agus, trí chomparáid a dhéanamh idir an teach agus síol mine, éiríonn leis óigeantacht chríonna an tí a luacháil. Fágann sé an léitheoir le híomhá de lonnaíocht iomlán de na tithe dúchasacha tríd an bhfocal 'both-bhaile' a úsáid. Is cinnte go mbraitheann an múinteoir sa dán go bhfuil ról lárnach aige mar oideachasóir i gcaomhnú féiniúlachta atá i mbaol a cailte agus go ndéanann sé iarracht mhór feasacht a dhalta a ardú faoina chultúr féin agus go háirithe faoi shaibhreas a oidhreacht ailtireachta náisiúnta. Aithníonn sé go bhfuil teannas ann idir an fhéiniúlacht nua-aimseartha dhomhanda agus an fhéiniúlacht náisiúnta. Tá an chuma ar chaint an mhúinteora uaireanta, áfach, go bhfuil sé ag caitheamh i ndiaidh ré órga, agus cé nach luaitear an bochtanas d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil a rian ar na tagairtí don 'mhála plaisteach' agus don 'bhoth-bhaile' a ndéanann an cainteoir rómánsú áirithe orthu. Más 'coilíneachas' a shamhlaítear leis an gcultúr domhanda, is féidir gurb í an easpa maoinne a shamhlaíonn an páiste leis an rud traidisiúnta Afracach. Sa chomhthéacs sin, ní miste a rá go bhfuil ábhar den mhaoithneachas le haithint ar an dán agus gur laige ar an dán í nach dtéann sé i ngleic leis an mbagairt a thugann an bochtanas d'fhéiniúlacht chultúrtha an pháiste ná leis na dúshlána a chruthaíonn sé sin don mhúinteoir atá ag obair sa chuid sin den domhan atá i mbéal a forbartha.

Is eol do gach oideachasóir, sa lá atá inniu ann, gur mó an bhaint atá ag an mbainistíocht ranga le dea-ullmhúchán an mhúinteora, le modh an aoibhnis agus le cothú spéise ná le srianadh dhroch-iompar an pháiste. Ina ainneoin sin, bíonn ar gach múinteoir déileáil le hiompar fadhbach ó am go chéile agus bíonn air nó uirthi straitéisí agus scileanna a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an smachta. In 'Graffiti' (Collinge, 2007, lch 29), le Declan Collinge⁶, ní hamháin go mbíonn ar an múinteoir déileáil le drochiompar a chuid mac léinn, ach bíonn air déileáil, freisin, leis an masla fíorphearsanta a thugann siad dó. I leithreas na scoile, feiceann an múinteoir go bhfuil a chuid mac léinn tar éis graffiti dubh a scríobh ar an mballa. Fógraíonn an scríbhneoireacht dhubh gur 'muc' é an múinteoir. Ní ghlanann an múinteoir an scríbhneoireacht den bhaile láithreach, áfach, agus ní thugann sé aísfhreagra feargach do na scríbhneoirí. Stopann sé, agus déanann sé a chuid machnaimh. Smaoiníonn sé ar mhuca cáiliúla na litríochta ('Ní raibh teorainn le dásacht thorc Bhinne Gulbain...Ná muca Orwell féin...') agus ar fhocail Oscar Wilde ('Nach bhfuil rud níos measa ná neamhaird'). Sa chaoi sin, éiríonn leis moladh a aimsiú sa mhasla agus éiríonn leis greann a dhéanamh de féin agus "d'ealaín dhubh" na ndaltaí ('Is fear le seift mé le muc ar gach mala agam/ A dhéanfaidh scrios choíche ar lucht na healaíne duibhe!').

Cosúil le Declan Collinge, pléann Colette Nic Aodha⁷ freisin, leis an ngéarchritic a dhéanann a cuid mac léinn uirthi. Ina dán 'An Rang' (Nic Aodha, 1998, lch 34), tugann sí guth don neirbhís a mhothaíonn sí nuair a fheiceann sí na daltaí ag déanamh scrúdaithe ar a cuid éadaí agus ar a cuid gruaige ('Nuair a bhreathnaíonn siad orm/Chomh géar sin,...Nuair a scrúdaíonn siad m'éadaí,/Nuair a scrúdaíonn siad mo chuid gruaige –/Ní fheadar ar nigh sí ar maidin í'). Is iomaí oideachasóir atá tar éis scríobh faoin bhfaitíos a

bhaineann leis an teagasc i gcoitinne. Dar le Richard Elmore, mar shampla, ní bhíonn sé éasca ar dhuine a (h)eolas, a p(h)earsantacht agus a (h)ego a nochtadh go poiblí agus go rialta don ghrinn-iniúchadh (luaite in Showalter, 2002, lch 4) agus tagraíonn Jane Tompkins, freisin, don inní a bhíonn ar mhúinteoirí nach nglacfaidh a gcuid mac léinn leo (luaite in Showalter, 2002, lch 3; Tompkins, 1990). Go paradacsúil, is í somheallacht agus mothaolacht na bpáistí is mó a chuireann faitíos ar Colette Nic Aodha ('Ach, níos measa fós,/Nuair a chreideann siad mé/Chomh héasca sin,/Bíonn faitíos orm'). Léiríonn an dán ina iomláine go ngabhann défhiús áirithe leis an gcaidreamh múinteoir-páiste agus go mbaineann inní leis an teacht i láthair os comhair páistí dá bharr, ach ní faitíos stáitse amháin a thugann ábhar inní don mhúinteoir áirithe seo ach an tionchar ollmhór fadtéarmach a bhíonn aici ar na páistí.

Tá ionad lárnach ag an measúnú i bpróiseas an teagaisc agus na foghlama. Is iondúil go ndéanann oideachasóirí idirdhealú idir an 'measúnú den fhoghlaim' agus an 'measúnú don fhoghlaim'. De ghnáth, samhlaítear an 'measúnú den fhoghlaim' leis an scrúdú foirmiúil agus uaireanta tugtar 'measúnú suimitheach' air sin. Is í an phríomhaidhm a bhíonn leis ná gnóthachtáil an fhoghlaimeora a mheas agus a thuairisciú i bhfoirm mharcanna ag deireadh cúrsa. Scrúdú suimitheach is ea scrúdú béil Gaeilge agus is é sin is ábhar den dán, 'An Cheist' (Ó Tuathail, 1992, lch 66), le Ruaidhrí Ó Tuathail⁸. Cruthaítear pictiúr de shuíomh fíor-foirmiúil – triúr scrúdaitheoirí léannta ina suí os comhair mhic léinn Ghaeltachta atá ina aonar agus a bhfuil gnáthneirbhís scrúdaithe air ('Bhuail faoi gan focal/os comhair an Bhoird/triúr ollamh ar mhórán léinn./Cén cheist a sheolfaí chuige,/scóláire bocht an scrúdú béil...). Tá an t-iarrthóir ag súil le ceisteanna ábhartha faoi théacs liteartha éigin a ndearnadh staidéar air i rith an chúrsa ('Scéal Mhic Dháthó/nó Saltar na Rann?...') ach is ceist faoi fhíle áitiúil a chuireann an t-ollamh seachas ceist faoin litríocht ainmnithe ('Ollamh an Chaoláire/ba thúisce le hábhar/"Inis dom," arsa sé go réidh/leis an mac léinn aniar/"Bhfuil Johnny Chóil Mhaidhc fós/i mbun filíochta?"). Tá codarsnacht mhór idir suíomh foirmiúil an scrúdaithe agus an cheist neamhfhoirmiúil áitiúil a chuireann an scrúdaitheoir. Léiríonn an cheist go bhfuil a straitéisí measúnaithe féin ag an scrúdaitheoir agus nach gcuireann ábhar an tsiollabais srian air. Is mó a chuid spéise i scileanna cumarsáide nádúrtha an mhic léinn agus i muintir an Iarthair ná a spéis sa litríocht ainmnithe. D'fhéadfaí an seanfhocal cáiliúil Laidineach 'non scholae sed vitae discimus (foghlaimítear don saol seachas don scoil)' a lua ina thaobh. Cé nach ndeirtear linn sa dán ar éirigh leis an mac léinn déileáil leis an gceist nach raibh sé in ann a thuar, léiríonn an dán ina iomláine gur dúshlán é don mhúinteoir modhanna measúnaithe oiriúnacha a fhorbairt a thugann cothromaíocht do chritéir bhailí an churaclaim agus atá cruthaitheach go leor, san am céanna, chun freastal ar riachtanais an mhic léinn sa saol mór.

Aon aiste a dhéanann iarracht solas a chaitheamh ar léiriúcháin de chúrsaí oideachais in Éirinn ón mbliain 1930 ar aghaidh, caithfidh sí plé a dhéanamh ar an gcaibidil dhorcha scanrúil sin a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí. Go dtí lár na nóchaidí ba scéal tosta é agus tá an tost sin le feiceáil i réimse na filíochta freisin. Lasmuigh d'Áine Ní Ghlinn is líon beag d'fhilí Gaeilge eile atá tar éis plé a dhéanamh ar an ábhar. Dar le Máirín Nic Eoin tá 'iarracht chróga á déanamh ag Áine Ní Ghlinn⁹, aghaidh a thabhairt go macánta ar mhórcheist na freagrachta morálta agus sóisialta maidir leis na cúrsaí seo ar fad' (Nic Eoin,

2010, lch xxxv). Sa dán ‘Pictiúr’ (Ní Ghlinn, 1996, lch 40) labhraíonn duine a d’fhulaing faoin mí-úsáid nuair ba pháiste í. Cé nach bhfuil sé soiléir an múinteoir nó gaol gairid atá mar éisteoir ag an gcainteoir, is cinnte gur duine fásta í a raibh cúram an pháiste uirthi. Anois, agus an páiste fásta suas, fiafraíonn a héisteoir di ‘cén fáth nár inis’ sí ‘an scéal ar fad’ di. Ach is í tuairim an chainteora gur inis sí an scéal di – níor bhain sí úsáid as focail chun an rud dolabharta a rá, ach, trí phictiúr a tharraingt agus trí shiombalachas dathanna (‘gach duine bán geal gealgháireach/ach eisean/é dubh dubh dubh’), léirigh an páiste an sceon a bhí uirthi roimh an duine a rinne í a éigniú. Dar leis an gcainteoir, bhí mionsonraí sa phictiúr faoi aghaidh, faoi theanga, faoi lámha agus faoi mhéara an fhir. Toisc cuimhne an-soiléir a bheith ag an gcainteoir fós ar an bpictiúr, is léir go bhfuil iarmhairt na mí-úsáide fós á fulaingt aici na blianta ar aghaidh agus is é athrá an fhocail ‘dubh’ is mó a léiríonn nach féidir leis an gcainteoir éalú ón dorchadas ná ón gcrá croí agus anama a lean tráma na mí-úsáide. Ba ghlaio tarrthála é an pictiúr ach ní raibh an t-éisteoir in ann comhbhá a dhéanamh leis an ealaíontóir óg. Léirigh gníomhaíochtaí an éisteora – féachaint thapa ar an bpictiúr sular chaith sí isteach sa tine é – gur thuig sí brí phictiúr an pháiste ach nach raibh sí ag iarraidh labhairt faoi. Roghnaigh sí an scéal a choinneáil faoi rún seachas é a phlé. Sa chomhthéacs sin, is líne dhochreidte shéimh í líne dheireanach an dáin (‘Ní raibh na focail agatsa/ach oiread liom féin.’). In ainneoin na faillí a rinne an duine fásta uirthi, ní léiríonn an cainteoir aon fhearg leis an éisteoir. Tá comhbhá agus comhthuiscint sa líne – tuigeann sí gur chothaigh an t-aineolas coitianta ciúnas. Cé go bhfuil maithiúnas i bhfocail an chainteora, níl dearmad déanta aici ‘ar mheatacht an duine fhásta a d’aithin a pian ach nach ndearna a dhath ar bith le í a chosaint ón éagóir fhollasach a bhí á déanamh uirthi.’ (Nic Eoin, Máirín Nic Eoin, lch xxxv). Go pointe, tugann an dán léargas orainn féin mar shochaí agus tugann an dán dúshlán an chórais oideachais i gcoitinne scileanna a fhorbairt san ábhar oide maidir le labhairt amach go macánta in aghaidh na héagóra.

Oidí agus oideachasóirí ar leith

Sa tríú cuid seo den pháipéar, pléifear rogha de dhánta ina ndéantar ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar oidí agus oideachasóirí ar leith. Is dánta iad a bhronnann ómós agus aitheantas ar oidí de bharr na slí a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar na páistí a bhí faoina gcúram, nó de bharr na comaoine a chuir siad ar dhomhan an oideachais i gcoitinne. Pictiúir dhearfacha arís de mhúinteoirí scoile paiseanta is mó atá sa tsampláil ionadaíoch seo.

Múinteoir ag an tríú leibhéal is ábhar den chéad dán. Tá clú agus cáil ar Bhreandán Ó Doibhlin¹⁰ mar theangeolaí, mar scríbhneoir agus mar thaighdeoir. Sa dán ‘Mórsholas saoil dúinn Breandán’ (Prút, 2008, lch 106) tugann Liam Prút onóir dó as a scileanna teagaisc agus go háirithe as an solas a d’adhain sé ina shaol féin. Tá an solas luaite ar bhealaí éagsúla i ngach aon rann (‘Mór sholas saoil dúinn... Solas saoil ón bhFrainc anoir... Scal ar shéada Phádraig... chuir spréach inár leamh-shaol’). Ar ndóigh samhlaítear an t-oideachas go minic in Éirinn le seachadadh an tóirse. Bhíodh ‘lóchrann an léinn’ mar shuaitheantas scoile ar chomharthaí bóthair agus cuirtear an frása, ‘Education is not the filling of the pail, but the lighting of the fire’ i leith W.B. Yeats, frása a luaitear go minic i bhfoilseacháin faoi chúrsaí oideachais. Dá bhrí sin, nuair a úsáideann Liam Prút meafar an tsolais, tá moladh mór á bhronnadh aige ar

Bhreandán Ó Doibhlin. Cuimhníonn an cainteoir siar ar an mbliain 1971 i Maigh Nuad agus ar an turas pribhléideach a thug sé, in éineacht lena mhúinteoir, 'trí chríocha' scríbhneoirí móra na Fraince ('La Fontaine... Montaigne, Villon, Pascal, Balzac, Molière, Le Cimetière') agus trí léann na hÉireann ('...ar shéada Phádraig/na nGael/ar léann na naomh/s na laoch'). Ní ag líonadh buicéid a bhí Ó Doibhlin, áfach, ach ag gineadh spéise agus ag tabhairt tinfídh. D'oscail sé doirse an léinn agus las sé tinte i saol a chuid mac léinn. Tá an buanrian uathúil a d'fhág Breandán Ó Doibhlin mar mhúinteoir, ar shaol an chainteora le léamh go háirithe i dtreo dheireadh an dáin ('D'ardaigh sinn ar Spéiríní Thíre Eoghain/sa tslí nach ionann roimhe sinn 's ina dheoidh').

Oideachasóir eile a d'fhág rian buan ar chúrsaí scolaíochta in Éirinn ab ea Pádraig Mac Piarais ach cé gurbh fhile agus oide é, ba thrí mheán an phróis, seachas trí mheán na filíochta, a ghlac sé páirt i ndioscúrsaí faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim¹¹. Is fiú dán a scríobh múinteoir eile faoin bPiarasach a chur san áireamh, áfach, agus is é sin atá againn sa dán 'Laoch' (Ó Súilleabháin, 1982, lch 13), le Diarmaid Ó Súilleabháin¹². Déanann Ó Súilleabháin ceiliúradh gearr simplí ar idéalachas, ar ghean agus ar mhisneach an Phiarsaigh agus comhshamhlaíonn sé saol an laoi le saol Chríost ('Leanbh caoin... d'fhás i ngrás le Muire... Á ullmhú féin don Saol síor'.. Fear faoi scáth Chrann a Chéasta/Go mór i ngrá le hóg is aosta'). Is dán é a aithníonn snáitheanna éagsúla shaol an Phiarsaigh: an scríbhneoireacht ('File séimh cois mara Thiar'), an mhúinteoireacht ('Oide Éanna ag scaipeadh síol') agus an tsaighdiúireacht ('Laoch um Cháisc go tráth do éaga,/Dheimhnigh do ghrá-sa Saoirse Éireann'). Ach is dán é a aithníonn an nasc idir na snáitheanna sin ar fad, freisin, agus a léiríonn an Piarasach mar ghníomhaí athraithe (agent of change) ina shaol mar mhúinteoir, mar scríbhneoir agus mar shaighdiúir. Dar leis an dán seo, ba chodanna dá ghníomh polaitiúil deireanach iad a chuid iarrachtaí scríbhneoireachta agus oideachasúla araon (Walsh, 2009, lch 231).

Gníomh polaitiúil ar son na féiniúlachta Éireannaí ab ea an mhúinteoireacht do Shinéad de Valera, freisin. Sna blianta roimh Éirí Amach na Cásca, agus í ag obair le Conradh na Gaeilge, bhain sí clú amach mar mhúinteoir cumasach teanga agus chuaigh sí i bhfeidhm go mór ar mhac léinn amháin dá cuid – Éamon de Valera, an fear a phós sí. Sa dán 'Feartlaoi (do Shinéad de Valera)' (Ó Tuairisc, 2000, lch 78) le hEoghan Ó Tuairisc¹³, a foilsíodh ar dtús sa bhliain 1975, san Irish Press, go luath tar éis di bás a fháil, cuimhníonn an file ar Shinéad. Is apastróf é an dán ina labhraíonn an file go díreach léi ar bhealach muirneach pearsanta ('A bhean ba iníoda cré...'). Molann sé í as a hionracas polaitiúil in am na réabhlóide ('Trí chur i gcéill is liom-lead/easumhlaíocht na haimsire/chuir sainiúlacht do shoilse flaitheas/in iúl don daonlathas') agus cruthaítear íomhá di mar oide, agus mar bhean, eiseamláireach a chloígh lena hidéil agus a shoilsigh trí shuaiteacht na tréimhse stairiúla ('Nó gur thú ba oide don spéirling/...feictear ag glinniúint/trí thonn na haoise.../súile an mhuir-mhaighdeanais:/ Ba dhiamhair, a ainneir, do cheacht;).

An creideamh go bhféadfaí Athbheochan na Gaeilge a chur i bhfeidhm trí mheán an oideachais is ábhar, freisin, den dán 'An Bráthair Ó Maoileoin' (Ó hÁinle, 1996, 75) le Liam Ó hÁinle. Ar ndóigh, tá an chomaoin a chuir na Bráithre Críostaí ar Athbheochan na Gaeilge agus ar dhomhan an oideachais trí chéile áirithe ag Micheál Ó Cearúil ina leabhar Gníomhartha na mBráithre: Aistí Comórtha ar Ghaelachas na mBráithre Críostaí. Sa leabhar

sin gheobhaidh an léitheoir alt faoi shaol agus faoi shaothar an bhráthar a cheiliúrtar sa dán seo – An Bráthair Agaistín Seosamh Ó Maoil Eoin. Is leor a rá anseo go raibh sé ina mhúinteoir, ina léachtóir, ina uachtarán ar Choláiste Oideachais Marino ón mbliain 1948 go 1955, ina eagarthóir tréimhseachán agus go raibh baint mhór aige le bunú Ógra Éireann. Iarscoláire dá chuid ab ea an file Liam Ó hÁinle agus sa dán a chum sé ina onóir, is é meafar an tseodóra a úsáideann Ó hÁinle chun sainiúlacht Uí Mhaoil Eoin a léiriú. Cuimhníonn sé ar an mBr. Ó Maoil Eoin mar chaomhnóir díograiseach teanga agus mar dhuine a bhí tiomnaithe don fhoghlaim ar feadh a shaoil. Samhlaíonn sé é ag caitheamh a chuid samhraithe i gceartlár shaol na Gaeltachta ('Níl de shamhail agam/den Bhráthair Ó Maoileoin/ach an ciúta úd cainte/a mheall gach samhradh é/go Dún Chaoin an deisbhéil...'). Ba dhuine é a thuig luach na brí a iompraíonn focail agus a rinne tréaniarracht nach ligfí don dúchas dul i ndearmad ('An teilgean cainte/ba rogha leis/bhí sé gearr gonta/taobh-throm tórmach le brí,/lom lonrach mar sheoid...'). Ní ag cur seod oidhreachta i dtuaisce i leabhair a bhí Ó Maoil Eoin, áfach, ach is léir ón rann deireanach gur léirigh sé fuinneamh paiseanta spreagúil i leith na Gaeilge labhartha os comhair ranga, leis, agus gur ghríosaigh sé an chéad ghlúin eile chun seoda an tsinsir a athnuachan agus a sheachadadh ('Cathlán de choraí cainte/ar chlár ranga/go dúshlánach os ár gcomhair:/...chím fós an Bráthair Ó Maoileoin/ag áiteamh orainn.../dul i mbun na hathbheochana,/lándíomas is lándóchais/...é i seodlann na hurlabhra/ina shaineolaí, ina shainsheodóir').

Dán i gcuimhne ar an Athair Tadhg Ó Muineacháin, mach maireann, is ea 'Aoibhinn Beatha' (Mac Fhearghusa, 2002, lgh 28-30), le Pádraig Mac Fhearghusa⁴⁴. Is apastróf é an dán ina labhraíonn an t-údar lena iarmhúinteoir meánscoile ar chloisteáil dó go bhfuil sé tar éis bás tobann a fháil. I gcodarsnacht leis na dánta eile sa chuid seo, ní moladh neamhshrianta a bhronntar ar an múinteoir, ach aithnítear go raibh laigí móra aige. De réir dealraimh ní raibh an tAthair Ó Muineacháin oiriúnach i ndáiríre do ghairm na múinteoireachta agus léiríodh sé an iomarca spéise sna capaill agus sna madraí! Ina theannta sin, bhíodh fadhbanna smachta aige agus bhíodh a 'choisíocht tuathánaigh' ina ábhar magaidh ag a chuid scoláirí. In ainneoin é sin go léir, admhaíonn reacaire an dáin nach nglacadh sé féin páirt 'in aon scigmhagadh' faoi toisc an trua a bhíodh aige dó. Ar lá cinniúnach amháin, áfach, bhuail taom feirge an múinteoir agus ghearr sé 'trí dhosaen leadhb slaithe' ar gach duine sa rang. Ní raibh an fillleadh ar an scoil i ndán don mhúinteoir as sin amach. Mar ghníomh fill a d'fhéach an cainteoir agus a chara ar a dhrochbheart. Is féidir díomá an chainteora a bhraith ar na línte ('Sé a ghoill ormsa/is ar Ó hÁinle, mo pháirtí, go mbeifeá chomh mór sin/ar mhístiúir is go ndéanfá ár gcomhbháidh leat a thruailliú.'). Is léir ag deireadh an dáin, áfach, go gcreideann an cainteoir gur fairsinge gach duine ná a ghníomh is measa agus admhaíonn sé nach ndearna sé dearmad riamh ar 'an chomaoin a bhí curtha' ag a mhúinteoir air. Téann 'Aoibhinn Beatha' i ngleic le castacht an chaidrimh agus an chonartha idir múinteoirí agus déagóirí; le gairm na múinteoireachta agus leis na tréithe pearsanta agus gairmiúla a bhíonn ag teastáil don ghairm sin. Ardaíonn an dán ceisteanna faoin oideachas a fhaigheann múinteoirí agus léirítear nach buntáiste i gcónaí é an iomarca léinn (bhí seacht mbliana caite ag an múinteoir ag staidéar sa Róimh agus, dar leis an reacaire, bhí sé 'ró-léannta' do phost an mhúinteora). Thar aon ní eile, áfach, ceistíonn agus bréagnaíonn an dán an seanfhocal a bhfuil cuid de mar theideal ar an dán, is é sin gur 'aoibhinn beatha an scoláire.' Ní fhágann

sé aon amhras ar an léitheoir faoi chruatan an chórais scolaíochta ina iomláine a bhí i réim agus an cainteoir ina bhuachaill óg ('Thugamar faoin mbliain úr, faoin bparsáil, faoin gcéimseata/chun carcairshaol an halla mhóir a mheilt, /is tréimhsí fada ainnise na hóige a chur thart,').

Ní haon ionadh é agus an cruatan sin á shamhlú leis an gcóras oideachais foirmiúil gurb iad 'na seandaoine neamhléannta, na fir cheirde agus chomhluadair' (Nic Eoin, 2010, lch xxxi) a shamhlaíonn go leor filí leis an bhfíor-oideachas. Déanann 'M'uncaí' (Mac Fheorais, 1954, lch 32) le Seán Mac Fheorais¹⁵, ceiliúradh, freisin, ar an oideachas neamhfhoirmiúil agus ar oideachasóir a chaith a shaol lasmuigh de bhallaí an léinn. Ba leis an dea-shampla, seachas le teagasc na leabhar, a mhúin uncaí an chainteora ('Níor bhuaire sé mé le gaois na leabhar,/Ná fiú le gaois an tsaoil,') agus ba scileanna ceardaíochta ('Feadóg a dhéanamh den bhfuinseog'), scileanna seilge ('Thaispeáin sé dhom cosán an choinín... is d'fheistigh liom an dol') agus scileanna iascaireachta ('Is chuir sé orm lámha/a bhailíodh bric as sruth') na hábhair churaclaim a chlúdaigh sé ina chuid ceachtanna. Cosúil leis an gcainteoir sa dán atá díreach pléite againn, ba é bás a uncaí a mhúscaíl cuimhní an chainteora ar na scileanna luachmhara sin agus ar an rian speisialta a d'fhág sé ar a shaol ('Leas-ghnóthaí beag dúthaí/A dhearmadas le blianta,/Ach bhrúcht siad suas im scornaigh').

Clabhsúr

Agus é ag scríobh faoi Mháiréad Ní Ghráda, múinteoir eile a chuir comaoin mhór ar dhomhan na litríochta, bhí an méid seo le rá ag Alan Titley:

Ní raibh aon teannas riamh inti idir an múinteoir agus an scríbhneoir. Bhí sí chomh haigeanta le páiste, agus níor chás léi a cumas agus a tallann a chaitheamh le hoideachas agus le foghlaim, arb ealaín freisin iad, an té a thuigfeadh é. Agus an té nach dtuigfeadh é sin ní bheadh oideachas ná foghlaim air. (Titley, 2010, lch 81)

Cosúil le Máiréad Ní Ghráda, is cinnte go raibh na hoidí a bhfuil dánta leo pléite san aiste seo in ann an dá thrá a fhreastal agus gur éirigh leo a bheith ina múinteoirí agus ina scríbhneoirí. Más cruthúnas é an leas a bhain na hoidí as téama an oideachais ina gcuid filíochta gur shamhlaigh siad an teagasc agus an fhoghlaim mar chineál ealaíne, is fíor, freisin, gur bhain siad úsáid as ealaín na filíochta mar mheán chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus ar chleachtas múinteoirí eile. Ní machnamh maoithneach é an machnamh sin i gcónaí ach is machnamh macánta criticiúil é go minic nach seachnaíonn an ceistiú domhain. Má spreagann an páipéar seo oideachasóirí chun tuilleadh tochairle a dhéanamh sna foinsí liteartha agus má spreagann sé ceisteanna faoi nádúr an oideachais, faoi nádúr na healaíne agus faoin ngaol atá eatarthu, beidh a aidhm bainte amach aige (Hogan, 1977, 239; de Paor, 2009, 102-114).

Nótaí

- 1 Ó hAodha, Séamas (1886-1967). As Cathair Chorcaí ó dhúchas. Chaith a shaol ina chigire scoileanna leis an Roinn Oideachais. File, scríbhneoir drámaí agus aistí. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Uaigneas (1928), Clólucht an Tálbóidigh; Caoineadh na Mná agus Dánta Eile (1939), Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal; Ceann an Bóthair (1966), Oifig an tSoláthair.
- 2 Dáibhís, Bríd (1930-). As Baile Briotais, Contae Laoise. Bean Rialta. Oileadh mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Oideachais Dhún Charúin. Múinteoir bunscoile i gCill Choca, Contae Chill Dara. File agus údar alt agus aistriúchán. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Corrán Gealaí (1978), An Clóchomhar; Cosán na Gréine (1989), Coiscéim; Traíthnín Seirce (1999), Coiscéim; Damhsa (2012), Coiscéim.
- 3 Ó Cearbhaill, Seán E. (1922-2011). As Cros Araird, Baile Átha Cliath ó dhúchas. Bráthair Críostaí. Oileadh mar mhúinteoir san institiúid a dtugtar Institiúid Oideachais Marino uirthi anois. Fuair ollscolaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tréimhsí mar mhúinteoir bunscoile i scoileanna éagsúla i bPort Láirge, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Tréimhse mar mhúinteoir i gCliarcholáiste Eoin, Port Láirge. Seal ina léachtóir le Stair, Béarla agus Gaeilge i gColáiste Oideachais Marino. Tréimhse ina léachtóir le Stair agus Spioradáltacht sa Róimh. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: An tÁr sa Mhainistir (1972), Oifig an tSoláthair; Cros gan Teampall (1985), Coiscéim; Oilithreach i Nua-Eabhrac (1993), Coiscéim; An Deoir sa Bhuidéal (1998), Comhar; L. Prút (eag.), Jeaicín File (2005), Coiscéim.
- 4 Prút, Liam (1940-). Rugadh i dtuaisceart Thiobraid Árann gar d'Aonach Urmhumhan. Oileadh mar mhúinteoir san institiúid a dtugtar Institiúid Oideachais Marino uirthi anois. Seal ina Bhráthair Críostaí. Tréimhse fhada ina mhúinteoir. Tréimhse ina aistritheoir i dTithe an Oireachtais. File, úrscéalaí, scríbhneoir litríochta do pháistí, critic liteartha, scríbhneoir alt faoi chúrsaí oideachais, aistritheoir agus eagarthóir. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Fíon as Seithí Óir (1972), An Clóchomhar; Asail (1982), An Clóchomhar; An Dá Scór (1984), Coiscéim; An Giotár Meisce (1988), Coiscéim; Loch Deirg-Dheirc (1994), Coiscéim; Plumáí (1997), Comhar; Gealadhram (2002), Coiscéim.
- 5 Ó hÁinle, Liam (1920-2000). As Cill Míde, Contae Luimnigh ó dhúchas. Bráthair Críostaí. Fuair a chuid oideachais mar mhúinteoir san institiúid a dtugtar Institiúid Oideachais Marino uirthi anois. Chaith a shaol ar fad mar mhúinteoir bunscoile agus meánscoile in Éirinn agus sa tSaimbia. File. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Cill Chré (1976), An Clóchomhar; Crainn Seoil (1990), An Clóchomhar; Dord Deataigh (1996), An Clóchomhar; Goin Ocras (1999), An Clóchomhar.
- 6 Collinge, Declan (1949-). As Baile Átha Cliath ó dhúchas. Cáilíochtaí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ard-Teastas san Oideachas ina measc. Múinteoir gairmscoile i gColáiste na gCnoc Glas, Baile Átha Cliath. Tréimhse caite ina Léachtóir páirt-aimseartha sa Léann Angla-Éireannach in Ollscoil na hÉireann Má Nuad. File agus údar téacsleabhar. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Sealgairacht (1982), Clóchomhar; Faoi Léigear (1986), Coiscéim; Teachtaireacht Téacs (2007), Coiscéim.
- 7 Nic Aodha, Colette (1967-). Rugadh i gContae na Gaillimhe agus tógadh i gContae Mhaigh Eo. Fuair a cuid ollscolaíochta agus a hArd-Teastas san Oideachas ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Múinteoir Meánscoile i gColáiste na Toirbhirte, Áth Cinn, Contae na Gaillimhe. File agus údar

- próis. Scríobhann sí i mBéarla agus i nGaeilge. Cnuasaigh d'fhillíocht Ghaeilge: Baill Seirce (1998), Coiscéim; Faoi Chrann Cnó Capaill (2000), Coiscéim; Gallúnach-ar-Rópa (2003), Coiscéim; Between Curses/Bainne Géar (2007), Arlen House; Aintefan (2008), Coiscéim; Scéal ón Oirthir (2009), Coiscéim.
- 8 Ó Tuathail, Ruaidhrí (1943-). Rugadh i Sasana agus tógadh i gCathair na Gaillimhe. Fuair a chuid ollscolaíochta ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tréimhse mar chúntóir i Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Múinteoir meánscoile i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh. File agus craoltóir. Cnuasaigh d'fhillíocht Ghaeilge: Cealltrach (1980), Cló Iar-Chonnachta; Le Duirling (1992), Coiscéim; Airgead Acraí (1993), Coiscéim.
- 9 Ní Ghlinn, Áine (1955-). As Contae Thiobraid Árann ó dhúchas. Cáilíochtaí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Lancaster. Ard-Teastas san Oideachas ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tréimhse ina múinteoir meánscoile. Tréimhse ina hiriseoir agus ina craoltóir le RTÉ agus tréimhse ina saor-iriseoir. Seal ina léachtóir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Léachtóir i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath. File, scríbhneoir litríochta do pháistí agus do dhéagóirí, scríbhneoir cónaithe do roinnt gaelscoileanna i mBaile Átha Cliath, scríbhneoir scrípte do Ros na Rún. Cnuasaigh d'fhillíocht Ghaeilge: An Chéim Bhriste (1984), Coiscéim; Garidín Pharthais (1988), Coiscéim; Deora Nár Caoineadh/Unshed Tears (1996), Dedalus/Coiscéim; Tostanna (2006), Coiscéim; An Guth Baineann (2013), LeabhairCOMHAR.
- 10 As Tír Eoghain do Bhreandán Ó Doibhlin ó dhúchas. Sagart is ea é agus bhí sé mar ollamh le Francis in Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Tá iliomad leabhar foilsithe aige idir úrscéalta, dhramaí agus aistí critice.
- 11 Do léargas ar scríbhinní oideachasúla an Phiarsaigh feic: Limond (2005); O' Buachalla (eag.), (1980); Walsh (2009).
- 12 Ó Súilleabháin, Diarmaid (1932-1985). As iardheisceart Chontae Chorcaí ó dhúchas. Cháiligh sé mar bhunmhúinteoir i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Múinteoir i rith a shaoil i Mullach Eadrad, i gCathair Mhór agus i nGuaire. File agus úrscéalaí. Cnuasach d'fhillíocht Ghaeilge: Gealach Reatha (1982), Coiscéim.
- 13 Ó Tuairisc, Eoghan (1919-1982). As Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe ó dhúchas. Fuair a oideachas múinteora i gColáiste Phádraig, Droim Conrach agus Céim Mháistir ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tréimhsí fada ina mhúinteoir i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile. Tréimhse ina oifigeach airm. File, úrscéalaí, aistritheoir, scríbhneoir leabhair do pháistí agus eagarthóir. Bhuaigh go leor duaiseanna dá chuid scríbhneoireachta. Ball d'Aos Dána. Cnuasaigh d'fhillíocht Ghaeilge: Lux Aeterna (1964), Allen Figgis; Dialann sa Díseart, in éineacht le Rita Kelly (1981), Coiscéim; Lux Aeterna Agus Dánta Eile (2000), Cois Life.
- 14 Mac Fhearghusa, Pádraig (1947-). As Béal Átha Fhínín, Iarthar Chontae Chorcaí. Cháiligh mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Ard-Teastas san Oideachas ó Choláiste na Tríonóide. Céimeanna eile aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Tréimhse ghearr ina bhunmhúinteoir agus tréimhse fhada ina mhúinteoir Meánscoile. Gníomhaí Gaeilge. Bunaitheoir Scoile. Dhá thréimhse mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. File, údar leabhair ar chúrsaí síceolaíochta agus eagarthóir. Cnuasaigh d'fhillíocht Ghaeilge: Faoi Léigear (1980), An Clóchomhar; Nótaí Treallchogaíochta ó Suburbia

- (1983), Clódhanna Teoranta; Fá Shliabh Mis agus Dánta eile (1993), Coiscéim; Mearcair (1996), Coiscéim; An Dara Bás (2002), Coiscéim.
- 15 Mac Fheorais, Seán (1915-1984). Rugadh i mBaile an Tiobraid, Contae Chill Dara. Tréimhse ina ábhar bráthar leis na Bráithre Críostaí. Fuair a chuid oiliúna mar mhúinteoir san institiúid a dtugtar Institiúid Oideachais Marino uirthi anois. Tréimhsí ina mhúinteoir bunscoile i Luimneach, i gContae Liatroma, i gContae Chill Chainnigh agus i mBaile Átha Cliath. Tréimhse ina Phríomhoide i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath. Cnuasaigh d'fhilíocht Ghaeilge: Gearraigh na hOíche, (1954), Foilseacháin na Scol; Léargas – Dánta Fada (1964), Foilsithe ag an údar féin i mBaile Átha Cliath.

Tagairtí

- Caomhánach, A.P. (1996). Na Bráithre Críostaí agus an Ghaeilge; An Br. A.S. Ó Maoil Eoin, 1901-68. In M. Ó Cearúil (eag.), *Gníomhartha na mBráithre: Aistí Comórtha ar Ghaelachas na mBráithre Críostaí* (lgh 123-156; 229-255). Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Collinge, D. (2007). *Teachtaireacht Téacsá*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Corchran-Smith, M., and Lytle, S. (1999). Relationships of Knowledge and Practice: Teacher Learning in Communities. *Review of Educational Research* 24, 249-305.
- Dáibhís, B. (1978). *Corrán Gealaí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Dáibhís, B. (1989). *Cosán na Gréine*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Dáibhís, B. (1999). *Tráithmín Seirce*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- de Paor, C. (2009). Scríobh chun Machnaimh agus Forbairt Mhúinteora: Léargas ó Shaothar Liteartha. *Oideas* 54, Geimhreadh, 102-114.
- Hogan, P. (1977). Towards an Appropriate Characterisation of the Teacher. *Proceedings of the Education Conference*, 232-239.
- Limond, D. (2005). The Schoolmaster of all Ireland: The Progressive Credentials of Patrick Henry Pearse 1879-1916. *History of Education Review*, 34, 1, 63-75.
- Mac Fhearghusa, P. (2002). *An Dara Bás agus Dánta Eile*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Fheorais, S. (1954). *Gearraigh na hOíche*. Aonach Urmhumhan: Foilseacháin na Scol.
- Máirtín, C. (2003). *An Máistir: An Scoil agus an Scolaíocht i Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mullins, T. (1996). Masters and Miscreants: Images of The Teacher in Anglo-Irish Literature. *Irish Education Studies*, 16, 1, 28-39.
- Ní Ghlinn, Á. (1996). *Unshed Tears/Deora nár caoineadh*. Baile Átha Cliath: Dedalus and Coiscéim.
- Nic Aodha, C. (1998). *Baill Seirce*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Nic Eoin, M. (eag.). (2010). *Gaolta Gairide: Rogha dánta comhaimseartha ar théamaí óige agus caidrimh teaghlaigh (leagan úr méadaithe)*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- O' Buachalla, S. (eag.). (1980). *A Significant Irish Educationalist: The Educational Writings of P.H. Pearse*. Dublin and Cork: Mercier Press.
- Ó Buachalla, S. (1996). Saothar Suntasach Oideachais gur mithid a aithint ina iomláine, 1802-1994. In M. Ó Cearúil (eag.), *Gníomhartha na mBráithre: Aistí Comórtha ar Ghaelachas na mBráithre Críostaí* (lgh 51-76). Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Cearbhaill, S.E. (1998). *An Deoir sa Bhuidéal*. Baile Átha Cliath: Comhar.

- Ó hÁinle, L. (1996). *Dord Deataigh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó hÁinle, L. (1999). *Goin Ocráis*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó hAodha, S. (1966). *Ceann an Bhóthair*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Súilleabháin, D. (1982). *Gealach Reatha*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Tuairisc, E. (2000). *Lux Aeterna agus Dánta Eile*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Tuathail, R. (1992). *Le Duirling*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Palmer, P.J. (1998). Foreword. In M.R. O'Reilley, *Radical Presence: Teaching as Contemplative Practice* (lgh ix-x). Portsmouth: Boynton/Cook Publishers.
- Prút, L. (1994). *Loch Deirg-Dheirc*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Prút, L. (1996). Filíocht Sheáin E. Uí Chearbhaill: 'Splanc Grá is Diabhláíochta' In M. Ó Cearúil (eag.), *Gníomhartha na mBráithre: Aistí Comórtha ar Ghaelachas na mBráithre Críostaí* (lgh 303-330). Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Prút, L. (2005). S.E. Ó Cearbhaill: File Bleácliathach an Ghnáthdhuine. *Jeaicin File*, (lgh ix-xxviii). Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Prút, L. (2006). Liam Ó hÁinle agus Gairm na hAfraice. *Irisleabhar Mhá Nuad*, 45-60.
- Prút, L. (2008). *Cnap-Uaisle*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Showalter, E. (2002). *Teaching Literature*. USA: Wiley-Blackwell.
- Titley, A. (2010). *Scríbhneoirí Faoi Chaibidil*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Tompkins, J. (1990). Pedagogy of the Distressed. *College English*, 52, 6, 653-660.
- Walsh, B. (2009). Radicalising the Classroom: Pearse, Pedagogy of Progressivism. In R. Higgins and R. Uí Chollatáin (eag.), *The Life and After-Life of P.H. Pearse/Pádraig Mac Piaráis: Saol agus Oidhreacht* (lgh 220-232). Dublin: Irish Academic Press.